



**Glór
na nGael**

**Clár
Téarnaimh
Covid**

Clár Téarnaimh Covid



BEIDH AN CLÁR OSCAILTE ÓN
Aoine 7 Eanáir 2022

DÁTA DÚNTA 17:00 Dé hAoine 28 Eanáir 2022

BEIDH SÉ DE CHUSPÓIR AGAINN CINNTÍ A CHUR IN IÚL
faoin 09 Feabhra 2022

Ní ghlacfar ach le hiarratais ar líne ag
www.glornangael.ie/ctc

Tabhair faoi deara:
Is é £50,000 an deontas is mó atá ar fáil.¹

¹In imthosca eisceachtúla, breithneoidh Glór na nGael iarratais ar dheontais os cionn £50,000. Sa chás sin, ní mór duit teagmháil a dhéanamh le Glór na nGael sula gcuirfidh tú iarratas isteach.

RÉAMHRÁ

Chuir an Feidhmeannas agus an tAire Pobal Deirdre Hargey CTR maoiniú Téarnaimh COVID ar fáil chun tacú le heagraíochtaí a raibh tionchar diúltach airgeadais ag an phaindéim orthu sa bhliain airgeadais ón 1 Aibreán 2021 go dtí an 31 Márta 2022. An aidhm atá leis an maoiniú ná easnaimh oibriúcháin a tharla le linn na bliana airgeadais 2021/22 agus de bharr na paindéime Covid a laghdú nó a ghlanadh. Tá lúcháir ar Ghlór na nGael a bheith ag dáileadh maoiniú do ghrúpaí pobail in earnáil na Gaeilge atá thíos ó thaobh airgid de de bharr na paindéime.

CÚLRA

Aithníonn Glór na nGael agus earnáil na Gaeilge ina hiomláine an obair cheannródaíoch atá á déanamh ag grúpaí pobail Gaeilge ó thús phaindéim Covid-19. In ainneoin na srianta a bhí ar ghiniúint ioncaim agus ar thionscnaimh forbartha, tá meas agus buíochas ag dul don earnáil dheonach seo as a misneach agus a dílseacht leanúnach dá pobail.

Tá súil ag Glór na nGael go gcuideoidh an scéim seo leis na grúpaí pobail Gaeilge sin agus iad ag atógáil i gcomhair na todhchaí agus é mar aidhm acu filleadh ar chlár iomlán seirbhísí agus gníomhaíochtaí a chur ar fáil.

SONRAÍ FAOIN CHLÁR D'EAGRAÍOCHTAÍ

Aidhm an Chláir:

Is í aidhm an chláir seo ná tacaíocht a chur ar fáil do ghrúpaí Gaeilge atá thíos ó thaobh airgid de, de bharr na páindéime Covid. An sprioc atá leis an scéim ná aon easnaimh oibriúcháin a tharla le linn na bliana airgeadais 2021/22 agus mar thoradh díreach ar an paindéim a laghdú nó a ghlanadh.

Ní bheidh easnaimh oibriúcháin nach bhfuil aon bhaint acu le Covid incháilithe.

Cuspóir:

Bonn airgeadais na n-eagraíochtaí a dhaingniú chun nach ndúnfar iad agus/nó chun go leanfaidh siad de sholáthar a gcuid seirbhísí agus chun tacú le hathruithe fadtéarmacha.

Tosaíocht Mhaoinithe:

Is é tosaíocht mhaoinithe an Chláir costas na n-easnamh oibriúcháin a íoc don tréimhse **1 Aibreán 2021 go dtí 31 Márta 2022**. Bainfear tuilleadh rialaithe costas amach faoin tosaíocht seo, más gá, trí thosaíocht a thabhairt do mhaoiniú na n-eagraíochtaí sin a bhfuil na heasnamh oibriúcháin is mó acu, a léireofar mar chéatadán den ioncam.

INCHÁILITHEACTH

Tá an scéim seo, atá á riar ag Glór na nGael, dírithe ar ghrúpaí arb é a bpríomhaidhm an Ghaeilge a chur chun cinn sa phobal, agus a dhéanann tromlach a gcuid oibre i dTuaisceart Éireann, trí na gníomhartha seo a leanas;

- Deiseanna foghlama agus úsáide a fhorbairt agus a mhéadú taobh amuigh den chóras oideachais
- Úsáid na Gaeilge a fhorbairt agus a mhéadú trí imeachtaí ealaíne
- Úsáid na Gaeilge a mhéadú agus a chothú i suíomh an teaghlaigh
- Úsáid na Gaeilge a fhorbairt i ngach aoisghrúpa, agus go háirithe in earnáil na hóige
- Úsáid na Gaeilge in earnáil na meán a mhéadú

CÉ HIAD NA DAOINE NACH FÉIDIR LEO IARRATAS A CHUR ISTEACH?

- Daoine aonair lena n-áirítear trádálaithe aonair
- Fiontair tráchtála
- Craoltóirí (seachas craoltóirí seirbhíse pobail)
- Ranna de chuid an Rialtais Láir
- Iarratasóirí ar Chiste Téarnaimh Oidhreachta an Chrannchuir Náisiúnta
- Comhairlí Áitiúla
- Grúpaí nach é an príomhaidhm atá acu an Ghaeilge a chur chun cinn sa phobal

CRITÉIR MEASÚNAITHE

1. Cuspóir na heagraíochta

Fianaise gurb é príomhaidhm na heagraíochta an Ghaeilge a chur chun cinn i suíomh pobail

2. Inmharthanacht airgeadais bunaithe ar fhaisnéis airgeadais a chuirfear i láthair

Iarrfar ar ghrúpaí iomlán, nó cuid de, na doiciméid seo a leanas a chur ar fáil mar chuid den iarratas. Iarrfar ar dhoiciméid atá ábhartha do méid an deontais a lorgófar, agus ba cheart seo a phlé le Glór na nGael sula ndéanfar iarratas

- Cuntais airgeadais
- Fianaise go raibh an eagraíocht inmharthana roimh COVID
- Staid airgeadais reatha
- Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Reatha
- Ráiteas Beartais Cúlchistí
- Ráiteas bainc
- Sonraí faoi easnaimh agus/nó costais dhosheachanta suas go dtí an 31 Márta 2022 a d'éascair as Covid
- Fianaise ar iasachtaí - Iasachtaí stiúrthóirí, iasachtaí bainc nó aon chineál leachtachta eile a fuarthas chun easnamh oibriúcháin a sheachaint
- Deimhniú ó ghairmí cuntasáíochta
- Aon fhianaise eile a mheastar a bheith cuí chun measúnú réasúnaithe a dhéanamh ar theidlíocht

CÁ MHÉAD IARRATAS IS FÉIDIR A CHUR ISTEACH?

Ní féidir ach aon iarratas amháin a chur isteach.

CAD IAD NA NITHE AR FÉIDIR IARRATAS A DHÉANAMH INA LEITH?

Costais incháilitheachta

Easnaimh oibriúcháin de bharr Covid19 don tréimhse ón 1 Aibreán 2021 go dtí an 31 Márta 2022.

CÁ MHÉAD MAOINIÚ ATÁ AR FÁIL?

Éileamh ar mhaoiniú suas go £10,000

Sa chás nach mó ná £10,000 an t-éileamh ar chúnaimh airgeadais, breathnófar air sin mar iarratas ar dheontas beag agus beidh an fhianaise a bheidh de dhíth iomchuí chun tacú leis an leibhéal maoinithe sin. Leagtar amach an fhianaise atá riachtanach don leibhéal maoinithe seo ar leathanach 8 den doiciméad seo.

Éileamh ar mhaoiniú thar £10,000

Sa chás go bhfuil tacaíocht airgeadais idir £10,000 agus £50,000 de dhíth ar eagraíochtaí breathnófar ar iarratais den chineál sin mar iarratais ar dheontas mór. Leagtar amach an fhianaise atá riachtanach don leibhéal maoinithe seo ar leathanach 8 den doiciméad seo.

Deontais Eisceachtúla

I gcásanna eisceachtúla agus sna cásanna sin amháin, agus le comhaontú roimh ré le Glór na nGael, má bhíonn luach an deontais os cionn £50,000, beidh na coinníollacha seo a leanas infheidhme:

Ní mór don eagraíocht teagmháil a dhéanamh le Glór na nGael roimh ré chun a gcás a phlé. I ndiaidh an cás a phlé, is féidir iarratais os cionn £50,000 a dhéanamh le cead Ghlór na nGael, ar choinníoll go gcuirtear go leor faisnéise ar fáil chun gur féidir léargas iomlánaíoch a fháil ar staid airgeadais na heagraíochta agus ar an ngá atá aici le tacaíocht airgeadais mar gheall ar thionchar Covid in 2021-22.

Sa chás nach dtéann eagraíocht i gcomhairle le Glór na nGael sula gcuireann sí iarratas isteach ar an deontas eisceachtúil, beidh an teorainn mhaoinithe £50,000 i bhfeidhm.

Sainmhíniú ar Chásanna Eisceachtúla

Faoi mar a leagtar amach sa mhír roimhe, ní féidir an deontas eisceachtúil os cionn £50,000 a bhronnadh ach amháin i gcásanna eisceachtúla. Is dócha gur cás eisceachtúil a bheidh ann má bhíonn an eagraíocht in ann a léiriú:

- Go bhfuil deacrachtaí airgeadais aici, agus í i mbaol a) a dúnta b) poist a chailleadh c) seirbhísí a chailleadh a chuirfeadh isteach ar shláinte nó ar fholláine an phobail
- Go bhfuil tábhacht straitéiseach shuntasach ag baint léi san earnáil nó go háitiúil agus gan tacaíocht airgeadais a fháil go mbeadh sí i mbaol a dúnta, agus go bhféadadh fás agus forbairt na hearnála a bheith thíos leis seo san fhadtárma

Aon iarratas ar thacaíocht os cionn £50,000, beidh sé faoi réir measúnú iomlánaíoch ar staid airgeadais ag Glór na nGael chun leibhéal an deontais a chinneadh, le tábhacht straitéiseach, seasmhacht airgeadais agus inmharthanacht an ghrúpa a mheas agus le aon ghíaráil airgeadais eile a bheadh ar fáil ag an ghrúpa a mheas.

NA RUDAÍ NACH FÉIDIR IARRATAS A CHUR ISTEACH INA LEITH

- Easnaimh nach mbaineann go díreach le COVID-19
- Costais nó cailteanais nár tharla mar thoradh ar phaindéim COVID-19
- Costais atá á gclúdach cheana féin ag maoinitheoirí eile nó ag scéimeanna COVID-19 eile de chuid an Rialtais - tabhair faoi deara le do thoil go n-iarrfar ort ráiteas frithchialaoise a shíniú i d'iarratas.
- Costais a tabhaíodh i ndiaidh 31 Márta 2022
- Rud ar bith a sháraíonn comhairle an Rialtais maidir le COVID-19

IARRATAS A DHÉANAMH

Ní mór úsáid a bhaint as ár gcóras ar líne le hiarratas a dhéanamh. Ní ghlacfar le hiarratais i gcóip chrua nó le hiarratais a fhaightear trí ríomhphost. **Tá nasc chuig an Chlár Téarnaimh COVID d'Eagraíochtaí le fáil anseo.**

- Is féidir iarratais ar líne a chur in eagar, a shábháil agus a chur ar ais suas go dtí an dáta deiridh.
- Ní mór gach doiciméad éigeantach a bhaineann leis an iarratas a chur isteach ag an am céanna leis an iarratas, i.e. ní mór iad a uaslódáil chuig d'iarratas ar líne sula gcuirtear isteach é. Má thuigeann tú i ndiaidh duit d'iarratas ar líne a chur isteach nach bhfuil na cáipéisí éigeantacha uile curtha san áireamh agat ní mór iarratas nua a chur isteach arís agus na cáipéisí éigeantacha ábhartha uile a áireamh roimh sprioc-am an iarratais, **17:00 Dé hAoine 28 Eanáir 2022**. Ní féidir linn glacadh le hábhar breise ar aon mhodh eile nó i ndiaidh an sprioc-ama
- Má chuireann tú d'iarratas isteach faoin sprioc-am deiridh, gheobhaidh tú ríomhphost uathoibríthe á thabhairt le fios gur cuireadh d'iarratas isteach go rathúil chuig an chóras. **Mura bhfaigheann tú an ríomhphost seo, níor cuireadh isteach d'iarratas.**

Ná déan dearmad, le do thoil, go bhfuil sé de fhreagracht ort a chinntiú go bhfaigheann muid an fhoirm iarratais agus na hiataín uaslódáilte faoin am agus faoin dáta deiridh.

DOICIMÉID ÉIGEANTACHA

Tá tuilleadh faisnéis mhionsonraithe faoi gach doiciméad éigeantach anseo thíos:

Doiciméid Éigeantacha	Le cur isteach leis an:	Treoir maidir le Doiciméid
Bunreacht agus/nó Meabhrán Comhlachais agus Airteagail Chomhlachais	Iarratas ar Líne	Tabhair faoi deara le do thoil: Ba cheart ainm d’eagraíochta, mar a thugtar i do dhoiciméad bunreachta, a bheith mar an gcéanna leis an ainm a thugtar san iarratas, agus ar chuntas bainc d’eagraíochta, agus iarrfaidh muid sonraí ina leith siúd má bhronntar deontas ort.
An tsraith cuntas is déanaí	Iarratas ar Líne	Ní mór d’iarratasóirí cóip de na Cuntais Iniúchta/Dheimhnithe is déanaí dá n-eagraíocht a uaslódáil lena bhfoirm iarratais. Tabhair faoi deara le do thoil: mura féidir Cuntais iniúchta/dheimhnithe a sholáthar do 2020/21, ní mór do Chuntais iniúchta is déanaí agus do dhréacht-Chuntais is déanaí a sholáthar.
Cuntais Bhainistíochta	Iarratas ar Líne	Más rud é nach don bhliain 2020/21 atá na cuntais a cuireadh ar fáil le d’iarratas (i.e., más don bhliain airgeadais 2019/20 atá do chuntais iniúchta is déanaí), ní mór sraith cuntas bainistíochta a sholáthar dúinn a chlúdaíonn an tréimhse eatramhach, suas go dtí mí Mhárta 2021. Moltar d’iarratasóirí chomh maith an tsraith cuntas bainistíochta is déanaí a chur isteach má tá siad ar fáil. Ní mór cuntais airgeadais agus bhainistíochta a bheith againn chun bail airgeadais fhoriomlán d’eagraíochta a mheas agus chun a mheas an bhfuil gá le maoiniú.
Teimpléad Forléargais Airgeadais (curtha ar fáil mar chuid den phróiseas iarratais ar líne)		Tabharfaidh sé seo sonraí faoi: <ul style="list-style-type: none">• staid airgeadais d’eagraíochta ón 1 Aibreán 2019 go dtí an 31 Márta 2020 agus• staid airgeadais d’eagraíochta ón 1 Aibreán 2021 go dtí an 31 Márta 2022. Tugtar mionsonraí ar an teimpléad maidir le comhlánú an fhorléargais airgeadais.

Ráitis bhainc	Iarratas ar Líne	Ba cheart d'iarratasóirí ráitis bhainc a sholáthar ón 1 Aibreán 2021
Fianaise ar chaillteanas ioncaim mar gheall ar COVID-19	Iarratas ar Líne	Samplaí den fhianaise seo is ea: laghdú ar dhíolacháin ticéad mar gheall ar ghníomhaíocht réamhphleanáilte a bheith curtha ar ceal mar gheall ar COVID-19; cailteanas urraíochta, cailteanas ioncaim ó chíos, srl.
Deimhniú ó ghairmí cuntasáíochta	Iarratas ar Líne	Dearbhú ó ghairmí cuntasáíochta maidir le cruinneas na bhfigiúirí a cuireadh isteach

Tabhair do d'aire na pointí tábhachtacha seo a leanas, le do thoil:

- Ní mór gach doiciméad éigeantach a bheith i bhformáid **Word, Excel nó pdf**.
- Ní féidir linn glacadh le doiciméid i bhformáidí eile.
- Ní mór na doiciméid riachtanacha **ar fad** a uaslódáil sula gcuirfear iarratas ar líne isteach. **Má tá aon doiciméid ar iarraidh, ní bheidh an t-iarratas incháilithe.**
- Má uaslódáiltear doiciméid i bhformáid nach nglacann muid léi nó atá truaillithe nó nach féidir linn a oscailt, measfar na doiciméid sin a bheith in easnamh agus ní bheidh an t-iarratas incháilithe.
- Ná comhbhrúigh comhaid in aon zipchomhad amháin. Ní mór comhaid a uaslódáil mar dhoiciméid aonair.
- Ní ghlacfar le naisc ghréasáin ná le seoltaí láithreáin gréasáin a chuirfí isteach in áit doiciméid iarbhír agus ní bheidh an t-iarratas incháilithe dá bharr.

Coinneofar an fhaisnéis ar fad a sholáthraíonn tú ar fhreastalaí Ghlór na nGael. Úsáidfean an fhaisnéis seo chun iarratais agus deontais a riar, chun staitisticí agus faisnéis a tháirgeadh faoi iarratasóirí rathúla. Ná déan dearmad cóip den fhoirm chomhlánaithe agus de na doiciméid ar fad a choinneáil ar mhaithe le do thaifid féin.

MEASÚNÚ AGUS PRÓISEAS CINNTEOIREACHTA

Measúnú

Bunófar painéal inmheánach um breithniú deontais, painéal a scrúdóidh agus a dhéanfaidh anailís ar gach iarratas. Cuimseoidh an grúpa seo Ceannasaí Ghlór na nGael, Bainisteoir Forbartha Pobail Ghlór na nGael, Bainisteoir Gnó agus Fiontair Ghlór na nGael, tacaíocht riaracháin ó Oifigeach Forbartha de chuid Ghlór na nGael, agus iniúchóir seachtrach ag feidhmiú i ról monatóireachta.

Breithneofar gach iarratas ar bhonn fiúntais agus ar an fhianaise a sholáthrófar. Déanfar cinntí bunaithe freagraí ar na ceistanna a chuirfear san iarratas.

Admhóidh Glór na nGael go bhfuarthas d'iarratas.

Mura maoinítear d'iarratas, tabharfaidh Glór na nGael cúiseanna duit.

Tá sé mar aidhm ag Glór na nGael torthaí an phróisis breithneoireachta a chur ar fáil faoin 09 Feabhra 2022.

Clár Téarnaimh COVID Ghlór na nGael – Sula dtosaíonn tú

Sula dtosaíonn tú, bíodh na cáipéisí seo faoi réir agat:

Do chuntais lánbhliana don bhliain airgeadais díreach roimh thús COVID

Do staid airgeadais iarbhír ón 1 Aibreán 2021 go dtí an 30 Meán Fómhair 2021

Do bhuiséad nó do phlean réamh-mheasta don 1 Deireadh Fómhair 2021 go dtí an 31 Márta 2022

Do Staid Airgeadais ón 1 Aibreán 2019 go dtí an 31 Márta 2020

Tabhair na sonraí san fhoirm seo le do thoil chun staid airgeadais d’eagraíochta a léiriú sular tháinig ann do COVID. Tá an tréimhse seo roinnte ina dhá tréimhse sé mhí ionas gur féidir comparáid a dhéanamh leis an bhliain reatha.

Do Staid Airgeadais ón 1 Aibreán 2021 go dtí an 31 Márta 2022

- Comhlánaigh an fhoirm ar líne chun na dúshláin airgeadais a chruthaigh COVID a thaifeadh. Tá an bhliain seo roinnte ina dhá tréimhse sé mhí.
- Ba cheart duit glacadh leis nach dtiocfaidh aon athrú ar na srianta COVID atá i bhfeidhm ar an dáta a seoladh an scéim.
- Cuirfidh tú sonraí faoi do thaithí oibriúcháin iarbhír i láthair don chéad tréimhse sé mhí ó mhí Aibreáin go dtí mí Mheán Fómhair 2021. Is ar dheireadh na chéad tréimhse sé mhí a chinnfear cé acu atá easnamh lár bliana ag d’eagraíocht nó nach bhfuil.
- Don dara tréimhse sé mhí beidh ort réamh-mheastacháin eolasacha a dhéanamh bunaithe ar do thaithí oibriúcháin roimhe seo. Má thaifeadtar easnamh lár bliana, taispeánfaidh réamh-mheastacháin an dara sé mhí an dócha gur féidir aon easnamh lár bliana a laghdú nó a dhíchur faoi dheireadh mhí an Mhárta 2022.

Caithfidh tú staid d’easnamh táirgeachta a chinntiú chomh luath agus is féidir tar éis deireadh na bliana airgeadais.

Sa chás go bhfuil difear de os cionn 10% idir do staid réamh-mheasta agus do staid airgeadais iarbhír, caithfidh tú míniú a chur ar fáil i scríbhinn.

Ní mór do dhaoine a bhfuil ról iontaoibhe acu in eagraíochtaí earnála agus dá gcomhairleoirí gairmiúla an breithiúnas is fearr a dhéanamh bunaithe ar thaithí oibriúcháin roimhe seo, agus aird á tabhairt go cuí ar ghnáth-threochtaí séasúracha a d’fhéadfadh dul chun sochair nó chun dochair don staid airgeadais.

Suas go dtí mí Mhárta 2025 a choinneofar an fhianaise go léir a úsáidfear chun tacú leis an éileamh ar easnaimh oibriúcháin, toisc go bhforchoimeádann an Roinn Pobal agus a comhpháirtithe an ceart chun iniúchtaí iaríocaíochta a dhéanamh chun cruinneas na faisnéise a cuireadh ar fáil a bhailíochtú.



**Glór
na nGael**

**Clár
Téarnaimh
Covid**

www.glornangael.ie